



Earrach 2019 - Ceardlanna Roghnacha do Mhúinteoirí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

DÁTA & AM	TEIDEAL NA CEARDLAINNE	IONAD NA CEARDLAINNE	EALAÍONTÓIR / ÉASCAITHEOIR
23 Márta 10.00 Clárú/Caife 10.30 – 4.00	An Fhilíocht – Súil Eile SSM i gcomhpháirt le hÉigse Éireann	Ionad Oideachais Átha Luain Bóthar Maigh Droma, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí N37 H043	Áine Ní Ghlinn
30 Márta 10.00 Clárú/Caife 10.30 – 4.00	An Fhilíocht – Súil Eile SSM i gcomhpháirt le hÉigse Éireann	Poetry Ireland Éigse Éireann 11 Cearnóg Parnell Thoir, BÁC 1 D01 ND60	Áine Ní Ghlinn
6 Aibreán 10.00 Clárú/Caife 10.30 – 4.00	Cruthú – Taibhiú – Saibhriú! SSM i gcomhpháirt le hOireachtas na Gaeilge	Ionad Oideachais na hUaimhe Bóthar Áth Luimnigh, An Uaimh, Co. na Mí C15 RK03	Ray Mac Mánaís
18 Bealtaine 10.00 Clárú/Caife 10.30 – 4.00	Cruthú – Taibhiú – Saibhriú! SSM i gcomhpháirt le hOireachtas na Gaeilge	Ionad Oideachais Tacaíochta Chorcaí Teach an Reachtaire, Bóthar an Iarthair, Corcaigh T12 KC86	Ray Mac Mánaís
18 Bealtaine 10.00 Clárú/Caife 10.30 – 4.00	Rapfhilíocht SSM i gcomhpháirt le hÉigse Éireann/ IMRAM	Poetry Ireland Éigse Éireann 11 Cearnóg Parnell Thoir, BÁC 1 D01 ND60	Séamus Barra Ó Súilleabháin agus Slavek Kwi

De bharr go bhfuil teorainn le líon na rannpháirtithe sna ceardlanna, iarraimid go ndéanfaidh Príomhoide na scoile (nó a ainmní), seachas múinteoirí aonair, an clárú a chomhlíonadh ar líne ag www.jctregistration.ie

Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM),
Ionad Oideachais Mhuineacháin, Cnoc an Chonnaidh, Bóthar Ard Mhacha, Muineachán,
Co. Mhuineacháin, Éire.

Teil: +353 47 74008 R-phost: info@jct.ie

[@JCforTeachers](https://twitter.com/JCforTeachers)



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior **CYCLE**
for teachers



Monaghan Education
Centre



ATECI

Tá lúcháir ar an gClár Éire Ildánach (2017-2022) agus ar Sheirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM) ceardlanna FGL roghnacha do mhúinteoirí a chur ar fáil chun tacú leis na healaíona agus le próiseas na foghlama sa tSraith Shóisearach. Tá na ceardlanna Gaeilge seo fóirsteanach dóibh siúd atá ag múineadh i scoileanna T1 nó i scoileanna T2.

Tá prionsabail agus príomhscileanna an Chreata don tSraith Shóisearach (2015) go smior sna ceardlanna seo agus cuirtear modheolaíochtaí praiticiúla, cruthaitheacha don seomra ranga faoi bhráid múinteoirí lena linn. Tá an tionscnamh seo faoi anáil na bprionsabal a léirítear i gCairt na nEalaíon san Oideachas (2012) agus Clár Éire Ildánach 2017-2022 – Colún 1: Leanáí agus an Óige. D'eascair sé as tionscnamh comhpháirtíochta píolótach idir An Chomhairle Ealaíon agus SSM ar cuireadh tús leis sa bhliain 2014.

An Fhilíocht – Súil Eile

Le hÁine Ní Ghlinn; scríbhneoir, file agus drámadóir
SSM i gcomhpháirt le hÉigse Éireann

Conas is féidir spéis a chothú sa bhfilíocht? Ar mhaith leat go mbeadh meas agus tuiscint ag do chuid scoláirí ar aoibhneas na filíochta? Ar mhaith leat go mbainfidís taitneamh as dánta a léamh agus dánta a chumadh?

Caitheann Áine Ní Ghlinn go leor leor ama ag obair le daltaí meánscoile agus í á spreagadh chun filíocht a scríobh. Sa cheardlann seo roinnfidh sí a cuid scileanna maidir le tabhairt faoin bhfilíocht ar bhealach nua. Trí do rannpháirtíocht ghníomhach sa cheardlann blaisfidh tú bealaí éagsúla chun tabhairt faoi shaothrú na filíochta sa rang, idir thuiscint scoláirí a fhorbairt ar na dánta atá á saothrú acu sa rang agus scoláirí a spreagadh chun a gcuid dánta féin a chumadh.



Cruthú. Taibhiú. Saibhriú. (Lúibíní agus Agallaimh Bheirte)

Ray Mac Mánaís; scríbhneoir, drámadóir, file, údar
SSM i gcomhpháirt le hOireachtas na Gaeilge

Tá greann agus ábharthacht ar dhá mhóthréith a bhaineann le lúibíní agus agallaimh bheirte. Trí dhíriú ar na healaíona béil stáitse traidisiúnta, ní amháin go mbeidh sásamh iontach le baint as a bheith rannpháirteach sa cheardlann seo leis an údar aitheanta, Ray Mac Mánaís, ach taitneamh agus mórtas as an gcultúr beo fosta! Rachfar i ngleic leis na scileanna cumarsáide comtháite a ghabhann leis an litríocht bhéil seo: scríbhneoireacht chruthaitheach, dréachtú, léamh siar agus athdhreachtú, labhairt, idirghníomhú agus taibhiú! Tiocfaidh tú ar bhealaí chun cuidiú le scoláirí píosaí a chruthú agus a thaibhiú i mbeirteanna, spraoi a bhaint as an teanga, a scileanna cumarsáide a fhorbairt agus a gcuid Gaeilge a shaibhriú. Seans freisin suim na scoláirí a mhúscailt i gcomórtais na lúibíní agus agallamh beirte in Oireachtas na Gaeilge.



Rapphilíocht

Le Séamus Barra Ó Súilleabháin agus Slavek Kwi

SSM i gcomhpháirt le hÉigse Éireann agus Imram



Ar mhaith leat scileanna cruthaitheacha agus cumas cumarsáide do chuid scoláirí (thar na scileanna teanga uilig) a chur chun cinn trí nasc a chothú leis an gcultúr comhaimseartha? Sa cheardlann seo leis an gcumadóir rapphilíochta, Séamus Barra Ó Súilleabháin (údar *Beatha Dhónail Dhuibh*), agus an dealbhóir fuaimne, Slavek Kwi ('pictiúrlann don chluas'), cabhrófar leat scoláirí a spreagadh chun iad féin agus a gcuid smaointe a chur in iúl ar bhealach nuálach, cruthaitheach, spraiúil.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

